# Cruth agus spás: Cruth – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun…


### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- plé le deiseanna chun ainmneacha agus airíonna cruthanna éagsúla a shainaithint, m.sh., *tóraíochtaí taisce agus conairí crutha*.
- rudaí a shórtáil bunaithe ar a gcruth nó ar a gcuid airíonna crutha, agus a réasúnaíocht a mhíniú, m.sh., *ciorcail, triantáin, líon na gcúinne, cumas rollála*.
- iniúchadh a dhéanamh ar cé acu de na cruthanna a bhfuil línte siméadracha i gceist leo trí chruthanna a fhilleadh, úsáid a bhaint as scátháin, srl., agus dearaí siméadracha a chruthú.
- struchtúir a éiríonn níos casta de réir a chéile a thógáil ag baint úsáid as cruthanna 3-T agus triail a bhaint as cruthanna a chur i gceann a chéile, a choimeád cothrom agus a chur le chéile ina gcuid dearaí.
- cluichí a imirt a neartaíonn aitheantas cruthanna agus tuiscint ar airíonna, m.sh., *'Feicim le mo shúile beaga cinn', 'Dhá Fhírinne agus Bréag Amháin'*.



### Cumarsáid a dhéanamh

- páirt a ghlacadh i bplé uile-ranga nó i ngrúpaí beaga maidir le cruthanna trí phlé ceisteanna oscailte, m.sh., *"Céard a thugann tú faoi deara faoin gcruth seo?", "Conas atá an dá chruth seo cosúil/éagsúil lena chéile?"*
- naisc a dhéanamh idir cruthanna san fhíorshaol agus coincheapa matamaiticiúla a thagann aníos sa seomra ranga, m.sh., *gníomhaíochtaí 'taispeáin is inis'*.
- úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha le plé le cruthanna, m.sh., *léaráidí a chruthú, eangacha a fhiosrú, uilleannacha agus faid a dhéanamh amach*.
- páirt a ghlacadh i 'Siúlóidí Dánlainne' – réimse póstaer, léaráidí, obair páistí, srl. a bhaineann le cruthanna a thaispeáint ionas gur féidir leis na páistí iad a fhiosrú agus a phlé.
- scríobh nó tarraingt i nDialanna Machnaimh – machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim, cur síos a dhéanamh ar thuiscint ar choincheapa cruthanna, agus ceisteanna ar bith atá acu a chur.




### Réasúnaíocht a dhéanamh

- plé le patrúin agus seichimh a bhaineann le cruthanna, a éiríonn níos casta de réir a chéile – na páistí a spreagadh chun an riail a rialaíonn an patrún a shainaithint agus leis an gcéad rud eile a thagann sa seicheamh nó patrún a thuar.
- cásanna fíorshaoil a mbaineann réasúnaíocht le cruthanna leo a fhiosrú, m.sh., *plean urláir do sheomra a dhearadh nó leagan amach gairdín a phleanáil*.
- réamheolas a úsáid le meastacháin nó tátail a dhéanamh maidir le cruthanna eile ag baint úsáid as láimhseoga nithiúla nó fíorúla, m.sh., *uillinneacha polagán a iniúchadh, eangacha cruthanna 3-T a chur le chéile, achar dromchla nó toirt cruthanna 3-T a dhéanamh amach*.
- obair le piaraí le fadhbanna nó puzail a bhaineann le cruthanna a réiteach – smaointe a phlé, straitéisí a roinnt, agus réasúnaíocht a chosaint go comhoibríoch.



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- tabhairt faoi phuzail agus dúshláin a bhaineann le cruthanna agus a éilíonn réasúnaíocht loighciúil agus feasacht ar spásúlacht ó na páistí le teacht ar réitigh, m.sh., *teach crutha a thógáil, puzail tangraim, puzail Sudoku bunaithe ar chruthanna*.
- plé le tomhais nó mistéir a bhaineann le cruthanna a dteastaíonn réasúnaíocht dhéaduchtach lena réiteach, m.sh., *leideanna a úsáid le buille faoi thuairim a thabhairt maidir le 'cruth anaithnid'*.
- páirt a ghlacadh i ndúshláin dearaidh a bhfuil cruthú struchtúr nó earraí ag baint úsáid as cruthanna i gceist leo, m.sh., *clós súgartha a dhearadh ag baint úsáid as tacar faoi leith cruthanna céimseatúla, nó patrún siméadrach a chruthú ag baint úsáid as bloic phatrúin*.
- tabhairt faoi thionscadail oscailte a mbaineann réiteach fadhbanna le cruthanna i gceist leo, m.sh., *samhail de chathair nó síneadh nua scoile a dhearadh agus a thógáil ag baint úsáid as cruthanna céimseatúla, nó saothar ealaíne a chruthú a bhfuil patrúin chéimseatúla mar bhonn leo*.



Arna fhorbairt i gcomhar le **Aaron Carroll, Múinteoir Bunscoile, Co. an Chláir**